# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/2565 ÓN gCOIMISIÚN

## an 11 Deireadh Fómhair 2022

## lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le bunú creata faireacháin agus meastóireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/444 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2021 lena mbunaítear an Clár Custaim chun comhar a dhéanamh i réimse an chustaim agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/444 na táscairí a úsáidfear le tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chláir maidir le baint amach na gcuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán sin.

(2) Le linn na meastóireachta meántéarma ar an gclár Custam 2020 ([2]), shainaithin an Coimisiún go raibh gá le creat faireacháin agus meastóireachta an Chláir a choigeartú agus a chuíchóiriú. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar chur chuige feidhmíochta an Chláir chun ábharthacht na dtáscairí uile a roghnaíodh chun críche faireachán agus meastóireacht ar fheidhmíocht an chláir a áirithiú.

(3) Cé go bhfuil na táscairí a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/444 oiriúnach chun faireachán bliantúil a dhéanamh ar fheidhmíocht, ní leor iad le go bhféadfaí faireachán agus meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar thorthaí an Chláir maidir le sroicheadh na gcuspóirí ginearálta agus na gcuspóirí sonracha atá aige. Dá bhrí sin, ba cheart táscairí breise a leagan síos mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta. Ba cheart aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir a thomhas leis an táscairí breise sin.

(4) Maidir leis na sonraí lena ndéanfar faireachán agus meastóireacht ar an gClár, chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí sin ar bhealach éifeachtúil éifeachtach agus go tráthúil, ba cheart ceanglais chomhréireacha tuairiscithe a fhorchur lena seachnaítear tuairisciú dúbailte agus lena laghdaítear ualaigh riaracháin.

(5) Chun ailíniú a áirithiú le tús na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le creat faireacháin agus meastóireachta an Chláir, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán Tarmligthe seo, ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Táscairí an chreata faireacháin agus meastóireachta agus na ceanglais tuairiscithe**

1. Agus faireachán agus meastóireacht á ndéanamh ar an gClár i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/444, úsáidfear na táscairí seo a leanas mar chuid den chreat faireacháin agus meastóireachta:

(a) na táscairí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/444;

(b) na táscairí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, táscairí lena dtomhaisfear aschuir, torthaí agus tionchair an Chláir.

([1]) IO L 87, 15.3.2021, lch. 1.
([2]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim, *Mid-term evaluation of the Customs 2020 programme [Meastóireacht mheántéarmach ar an gclár Custam 2020: final report [tuarascáil chríochnaitheach]*, Oifig na bhFoilseachán, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2778/923910

2. Déanfar na táscairí dá dtagraítear i mír 1 a thomhas go bliantúil, seachas na táscairí tionchair dá dtagraítear i bpointí (1)(a), (1)(b), (2), agus 3(a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, a thomhaisfear gach 2 bhliain agus mar chuid de na meastóireachtaí eatramhacha agus deiridh, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/444.

3. Nuair a éilíonn an Coimisiún sonraí agus faisnéis a bhaineann leis na táscairí dá dtagraítear i mír 1, ar sonraí agus faisnéis iad atá ábhartha chun rannchuidiú leis an gcreat faireacháin agus meastóireachta, soláthróidh faighteoirí chistí an Chláir an méid sin don Choimisiún.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

**Liosta táscairí breise maidir le creat faireacháin agus meastóireachta an chláir Custaim dá dtagraítear in Airteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2021/444**

## A. Táscairí aschuir

(1) Comhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach a fhorbairt:

(a) líon na dtionscadal teicneolaíochta faisnéise (TF) atá ag céim thosaigh an tionscnaimh;

(b) líon na dtionscadal TF atá ag céim an fhorghníomhaithe;

(c) cion na dtionscadal TF a bhfuil a gcostas iarbhír mar atá beartaithe;

(d) cion na dtionscadal TF a bhfuil stádas "glas" acu i gcomhréir leis na ceanglais dá bhforáiltear sa Phlean Straitéiseach Ilbhliantúil maidir le Custam leictreonach (MASP-C).

(2) Comhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach a sheachadadh:

(a) líon na dtionscadal TF arna scaoileadh chuig an gcéim táirgthe de réir mar a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais;

(b) cion chomhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach arna seachadadh de réir amlíne MASP-C;

(c) líon na n-athbhreithnithe arna ndéanamh ar na hamlínte chun comhpháirteanna coiteanna na gCóras Leictreonach Eorpach a sheachadadh.

(3) Iontaofacht na gCóras Leictreonach Eorpach (Acmhainn an Líonra Cumarsáide Choitinn).

(4) Iontaofacht seirbhísí tacaíochta TF:

(a) cion na dticéad den chineál "eachtra" arna réiteach in am;

(b) sástacht úsáideoirí leis na seirbhísí tacaíochta arna soláthar.

(5) Leibhéal na tacaíochta fothaithe acmhainneachta arna soláthar trí ghníomhaíochtaí comhoibríocha (Cáilíocht na ngníomhaíochtaí comhoibríocha).

(6) Leibhéal feasachta faoin gClár.

## B. Táscairí toraidh

(1) Leibhéal an chomhleanúnachais i reachtaíocht custaim agus i mbeartas custaim agus a gcur chun feidhme (rannchuidiú comhpháirteanna coiteanna nua na gCóras Leictreonach Eorpach chun cur chun feidhme comhleanúnach dhlí agus bheartas an Aontais a éascú).

(2) Leibhéal an chomhair oibríochtúil idir na húdaráis náisiúnta:

(a) rannchuidiú comhpháirteanna coiteanna nua na gCóras Leictreonach Eorpach chun comhar oibríochtúil idir na húdaráis náisiúnta a éascú;

(b) líon na rannpháirtithe gníomhacha ar an ardán comhair ar líne;

(c) líon na n-idirghníomhaíochtaí ar an ardán comhoibríoch;

(d) sástacht na n-úsáideoirí leis an ardán comhair ar líne.

(3) Ríomhnósanna imeachta simplithe le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha:

(a) líon na n-oibreoirí eacnamaíocha arna gclárú;

(b) líon na n-iarratas.

(4) Feidhmíocht oibríochtúil na n-údarás náisiúnta:

(a) rannchuidiú comhpháirteanna coiteanna nua na gCóras Leictreonach Eorpach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht oibríochtúil na n-údarás náisiúnta;

(b) rannchuidiú aschur gníomhaíochtaí comhoibríocha agus inniúlachta daonna chun feabhas a chur ar fheidhmíocht oibríochtúil na n-údarás náisiúnta.

(5) Custam – Nuálaíocht i réimse an bheartais custaim:

(a) rannchuidiú comhpháirteanna coiteanna nua na gCóras Leictreonach Eorpach leis an nuálaíocht i réimse an bheartais custaim;

(b) rannchuidiú aschur gníomhaíochtaí comhoibríocha agus inniúlachta daonna leis an nuálaíocht i réimse an bheartais custaim.

C. **Táscairí tionchair**

(1) Forbairt ar chosaint leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát:

(a) méid na ndleachtanna neamhíoctha atá le haisghabháil, lena n-áirítear dleachtanna custaim, dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála ar tháirgí agus ar sheirbhísí, a bhaineann le calaois agus neamhrialtachtaí arna mbrath;

(b) cásanna calaoise agus neamhrialtachtaí arna mbrath a bhfuil dleachtanna i gceist leo.

(2) Forbairt shlándáil agus shábháilteacht an Aontais agus na ndaoine atá ina gcónaí ann: (urghabhálacha earraí agus substaintí atá ina mbagairt don tsábháilteacht agus don tslándáil).

(3) Forbairt ar éascú gníomhaíochta gnó dlisteanaí:

(a) éifeachtúlacht an imréitigh custaim agus bainistithe teorainneacha (ó thaobh am an imréitigh de);

(b) rannchuidiú leis an aistriú chuig Aontas Custaim saor ó pháipéar.